


# Beartas Fianáin

Meán Fómhair 2023

Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

## RIALÚ DOICIMÉID

De réir ghnáthchleachtas Comhairle na nDochtúirí Leighis, déantar gach beartas agus nós imeachta a athbhreithniú go bliantúil agus de réir athruithe reachtaíochta nó rialaithe inmheánaigh.

| | |
|---|---|
| AICMIÚ DOICIMÉID | Inmheánach |
| LEAGAN | 2 |
| DÁTA CRÚTHAITHE | 07 Meán Fómhair 2023 |
| AN CHÉAD DÁTA ATHBHREITHNITHE EILE | 01/09/2024 |
| ÚDAR DOICIMÉID | Niamh Webb |
| ÚINÉIR DOICIMÉID | Ceann Rialachais Faisnéise |
| ACHOIMRE AR ATHRUITHE | |
| DOICIMÉID GHAOLMHARA | Cuid dár mBeartas Príobháideachais foriomlán is ea an Beartas Fianáin seo |
| Arna Fhaomhadh Ag | Senior Leadership Team |

## Faisnéis Ghinearálta

Rialaíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis dochtúirí leighis i bPoblacht na hÉireann. Is é príomhról na Comhairle an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair ghairmiúil agus oideachas gairmiúil, oiliúint agus inniúlacht i measc dochtúirí a chur chun cinn agus a chinntiú níos fearr. Ionas gur féidir le Comhairle na nDochtúirí Leighis cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bpobal, tá suíomh gréasáin idirghníomhach againn inar féidir rochtain a fháil ar roinnt seirbhísí. Is é seoladh gréasáin ár suíomh gréasáin www.mediccouncil.ie.

Sa Bheartas Fianáin seo, ciallaíonn "muid", "sinn", "ár" Comhairle na nDochtúirí Leighis.

### Cad is Fianán ann?

Is éard atá i bhfianán comhad téacs simplí (nó píosa beag sonraí) atá stóráilte ar ríomhaire nó ar ghléas soghluaiste ag freastalaí suímh gréasáin. Úsáideann an chuid is mó de na suímh ghréasáin fianáin chun eispéireas na gcuairteoirí a fheabhsú trí chur ar chumas an tsuímh ghréasáin sin 'cuimhneamh' ort, ar feadh ré do chuairte (ag baint úsáide as 'fianán seisiúin') nó le haghaidh athchuairteanna (ag úsáid 'fianán seasmhach'). Is féidir le fianáin cuimhneamh ar fhaisnéis fút mar socruithe teanga agus faisnéis logála isteach s.é., conas a úsáideann tú ár suíomh gréasáin. Tá súil againn go bhfeabhsóidh ár suíomh gréasáin do thaithí trí fhianáin a úsáid agus go mbeidh tú in ann rochtain a fháil ar na seirbhísí a theastaíonn uait chomh héifeachtúil agus is féidir.

### Cén fáth a n-úsáidimid Fianáin

Ba mhaith le Comhairle na nDochtúirí Leighis go mbeadh ár suíomh gréasáin éasca le húsáid, iontaofa agus praiticiúil. D'fhonn é seo a bhaint amach, socraímid fianáin ar a dtugtar fianáin céad pháirtí. Trí fhianáin chéad pháirtí a chur ar bhrabhsálaí an úsáideora cuireann siad leis an méid seo a leanas:

- ár suíomh gréasáin a dhéanamh slán
- ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtúil
- a chinntiú go n-oibríonn ár suíomh gréasáin go maith duit
- cuimhneamh ar do chuid roghanna nuair is gá, mar shampla do chuid sonraí logála isteach
- faisnéis gan ainm a bhailiú faoi fheidhmiú ár suíomh gréasáin agus ár bhfeachtais
- an suíomh gréasáin a phearsanú chun ábhar ábhartha a thaispeáint duit ag feabhsú na treorach agus na n-ábhar atá ar fáil duit.

## Cineálacha fianán a úsáidimid

Úsáidimid an chatagóir fianán seo a leanas:

- fianáin fhíor-riachtanacha – cuireann siad seo ar ár suíomh gréasáin oibriú. Tá na fianáin seo riachtanach chun an suíomh gréasáin a bhrabhsáil agus a ghnéithe a úsáid, mar shampla nascleanúint leathanaigh, rochtain a fháil ar chodanna slána den suíomh agus an reachtaíocht um chosaint sonraí agus príobháideacht leictreonach a chomhlíonadh. Is féidir linn na fianáin seo a shocrú gan do thoiliú a bheith ag teastáil uaibh mar go bhfuil siad riachtanach.
- fianáin anailíseacha – bailíonn siad seo faisnéis faoi d'úsáid ar ár suíomh gréasáin, mar shampla na leathanaigh a dtéann daoine chucu. Tá na sonraí a bhailíonn na fianáin uile gan ainm agus comhiomlánaithe. Gheobhaimid faisnéis faoin tír ina bhfuil do ghléas, cén cineál gléis atá á úsáid agat, cá fhad a fhanfaidh daoine ar leathanaigh an suímh ghréasáin agus cé mhéad leathanach suímh gréasáin a dtugann tú cuairt orthu. Ní ghlacaimid aon fhaisnéis, cosúil le seoltaí IP, déimeagrafaic nó do leasanna, mar sin ní féidir aon chuid den fhaisnéis seo a úsáid chun tú a aithint. Ní iarraimid do thoiliú leis na fianáin seo a shocrú toisc go bhfuil an fhaisnéis á rianú gan ainm, is féidir leat rogha an diúltaithe a dhéanamh, áfach, agus is féidir leat a fháil amach conas é seo a dhéanamh sa chuid ' Conas is féidir liom fianáin a rialú' thíos.
- fianáin margaíochta – Bainimid úsáid as fianáin margaíochta a stórálann sonraí úsáideora agus faisnéis iompraíochta. Cuidíonn sonraí gan ainm a bhailiú faoi do bhrabhsálaí gréasáin linn díriú ar ár lucht éisteachta níos éifeachtaí. Ligeann na fianáin seo freisin físeáin leabaithe YouTube a sheinm ar ár suíomh Gréasáin. Mura gceadaíonn tú na fianáin seo, seans nach bhfeidhmeoidh cuid de na seirbhísí seo nó iad go léir i gceart.

Féach thíos le haghaidh liosta fianán, a ról agus a ré a úsáideann ár suíomh gréasáin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an liosta seo athrú. Déanfaimid an Beartas seo a nuashonrú dá réir:

**Liosta de na fianáin fhíor-riachtanacha**

| Ainm | In Éag | Ról |
|---|---|---|
| ASP.NET_SessionId | Seisiún | Úsáideann an freastalaí an fianán seo chun seisiún úsáideora gan ainm a choinneáil. Riachtanach maidir le feidhmiúlacht an suímh ghréasáin mar a cheadaíonn faisnéis a rith idir leathanaigh ghréasáin. |

| | | |
|---|---|---|
| CookieAdvertising | 6 mhí | Is cuimhin leis an bhfianán seo roghanna príobháideachta úsáideoirí maidir le fianáin anailíseacha. |
| CookiePerfor-mance | 6 mhí | Is cuimhin leis an bhfianán seo roghanna príobháideachta úsáideoirí maidir le fianáin feidhmíochta. |
| Medical Council Cookies | 6 Mhí | Fianán a chuimhníonn ar roghanna príobháideachta úsáideoirí. |

**Liosta fianán anailíseacha**

| **Ainm** | **In Éag** | **Ról** |
|---|---|---|
| _gat_UA | Lá amháin | Úsáidtear an fianán seo chun monatóireacht a dhéanamh ar mhaoin Google Analytics a bhaineann leis an suíomh gréasáin. Cruthaíonn sé uimhir aitheantais uathúil an chuntais nó an suíomh ghréasáin lena mbaineann sé. Úsáidtear é chun méid na sonraí a thaifead Google a theorannú ar suímh gréasáin ardmhéide. |
| _gid | Lá amháin | Úsáidtear an fianán seo chun ID uathúil (gan ainm) a shocrú do sheisiúin úsáideoirí in Google Analytics chun sonraí staidrimh a ghiniúint ar an gcaoi a n-úsáideann an cuairteoir an suíomh gréasáin. Úsáidtear an fhaisnéis seo chun cabhrú leis an suíomh gréasáin a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an suíomh gréasáin go leordhóthanach d'úsáideoirí. |

| | | |
|---|---|---|
| _ga | 2 bhliain | Úsáidtear an fianán seo chun Aitheantas uathúil (gan ainm) a shocrú do do sheisiún in Google Analytics chun sonraí staidrimh a ghiniúint ar an líon uaireanta a thug úsáideoir cuairt ar an suíomh gréasáin. |
| _fbp | 3 mhí | Socraíonn Facebook an fianán seo chun anailís a dhéanamh agus cuairteanna ar suíomh gréasáin a rianú. |
| _hjAbsoluteSessionInProgress | 30 nóiméad | Socraíonn Hotjar an fianán seo chun faisnéis a bhailiú faoi chuairteanna gréasáin chun tuiscint níos fearr a sholáthar ar eispéireas suímh gréasáin úsáideoirí. |
| _hjSession | 30 nóiméad | Socraíonn Hotjar an fianán seo lena chinntiú go gcuirtear iarratais ina dhiaidh sin i bhfuinneog seisiún suímh gréasáin i leith an tseisiúin chéanna |
| _hjIncludedInSessionSample | 2 nóiméad | Socraíonn Hotjar an fianán seo chun a fháil amach an bhfuil úsáideoir san áireamh sa sampláil sonraí arna shainiú ag teorainn seisiún laethúil an suímh gréasáin. |
| _hjFirstSeen | 30 nóiméad | Socraíonn Hotjar an fianán seo chun seisiúin ghréasáin úsáideoirí nua a aithint. |

| | | |
|---|---|---|
| _hjSessionUser | Bliain Amháin | Socraíonn Hotjar an fianán seo chun a chinntiú go gcuirtear sonraí ó chuairteanna gréasáin ina dhiaidh sin ar an suíomh céanna i leith an úsáideora chéanna. |

**Fianáin Margaíochta**

| **Ainm** | **In Éag** | **Ról** |
|---|---|---|
| test_cookie | Lá amháin | Socraíonn Google DoubleClick an fianán seo le seiceáil an dtacaíonn brabhsálaí an chuairteora le fianáin. |
| CONSENT | 2 bhliain | Socraíonn YouTube an fianán seo chun roghanna toilithe na n-úsáideoirí a chlárú. |
| VISITOR_INFO1_LIVE | 180 Lá | Socraíonn YouTube an fianán seo chun súil a choinneáil ar roghanna úsáideoirí maidir le físeáin YouTube atá leabaithe i suímh; is féidir leis a chinneadh freisin an bhfuil an cuairteoir suímh gréasáin ag úsáid an leagan nua nó sean den chomhéadan YouTube. |
| VISITOR_PRIVACY_METADATA | 6 mhí | Socraíonn YouTube an fianán seo chun idirghníomhaíocht úsáideoirí le hábhar leabaithe a rianú |
| YSC | Seisiún | Úsáideann YouTube an fianán seo chun sonraí staidrimh a ghiniúint ar na físeáin YouTube a chonaic an t-úsáideoir. |

## Conas is féidir liom fianáin a rialú?

Úsáideann ár suíomh gréasáin roinnt fianáin tríú páirtí freisin chun an t-ábhar a sheachadadh agus ardán iontaofa inniúil a sholáthar don úsáideoir. Ní rianaímid an fhaisnéis a bhailíonn na fianáin seo, lena n-áirítear seoladh IP agus mar sin sonraí suímh, ach féadfaidh tríú páirtithe í a úsáid mar Google Analytics agus YouTube. Chun do shocruithe toilithe fianán a nuashonrú, cliceáil anseo le do thoil.

Mura dteastaíonn uait fianáin a fháil, is féidir leat socruithe do bhrabhsálaí a mhodhnú ionas go dtabharfaidh sé fógra duit nuair a sheoltar fianáin chuige nó gur féidir leat fianáin a dhiúltú ar fad. Is féidir leat fianáin atá socraithe cheana féin a scriosadh.

Mar mhalairt air sin, mura dteastaíonn uait fianáin a stóráil ar do ghléasanna, tugann an chuid is mó de na brabhsálaithe deis duit teicneolaíochtaí rianaithe a shocrú agus a roghnú. Faigh amach conas fianáin a bhainistiú ar bhrabhsálaithe coitianta trí gach ceann de na roghanna seo a leanas a roghnú:

- Google Chrome
- Apple Safari
- Microsoft Edge

Le haghaidh tuilleadh sonraí ar ár mbeartais príobháideachta cliceáil anseo.

## Cad a deir an dlí?

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi réir Threoir r-Phríobháideachta an AE (2002/58/CE) arna leasú le 2009/134/CE) agus Rialacháin r-Phríobháideachta na hÉireann, arna gcur i bhfeidhm ag Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 336 de 2011. Tá an reachtaíocht seo ar leithligh ó, ach comhlánaíonn sí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí (1988-2018), lena n-áirítear an RGCS a deir go gcaithfimid faisnéis a sholáthar duit faoi na fianáin a úsáidtear ar ár suíomh gréasáin. De réir an dlí is féidir linn fianáin a stóráil ar do ghléas má tá géarghá leo chun an suíomh seo a oibriú. Más mian leat tuilleadh a fháil amach faoin gcaoi a n-oibríonn fianáin ansin tabhair cuairt ar www.aboutcookies.org.
Más mian leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir lenár n-úsáid fianán, féach a gcuid sonraí teagmhála thíos, le do thoil, cé go gcuirfimis fáilte roimh an deis aghaidh a thabhairt ar do chuid imní roimh sin:

An Coimisiún um Chosaint Sonraí (foirm teagmhála ar líne) nó tríd an bpost ag:

| | |
|---|---|
| **Postal Address** | **Data Protection Commission**<br><br>21 Fitzwilliam Square South<br>Dublin 2<br>D02 RD28<br>Ireland |

Nó ar an nguthán ar:

| | | |
|---|---|---|
| Teileafón | **Uaireanta Deasc Chabhrach**<br><br>09:30 – 13:00 (Luan – Aoine)<br><br>14:00 – 17:30 (Luan – Aoine) | **01 7650100 / 1800437 737** |

Nuashonraithe is déanaí: 07 Meán Fómhair 2023